# Réamhfhocail

| AR |
|---|
| orm |
| ort |
| air |
| uirthi |
| orainn |
| oraibh |
| orthú |

**Líon na bearnaí thíos, ag baint úsáid as an bhfocal ceart.**

1. Bhí brón __________ nuair a fuair do mhadra bás agus thosaigh tú ag caoineadh.
2. Bhí fearg __________ nuair a chaill sí a mála.
3. Bhí brón __________ toisc gur chaill mé mo chuid airgid ar fad!
4. Tá slaghdán ag teacht __________ agus tá siad chun fanacht sa bhaile.
5. Bíonn ocras an domhain __________ na páistí nuair a thagann siad abhaile ón bpeil.
6. 'Féach __________, tá tú thar barr!' arsa an múinteoir le hAoife.
7. Beireann na gardaí __________ ghadaithe agus iad ag teacht amach ón siopa.
8. Ní dhéanfaidh mé dearmad __________ nuair a théann siad ar ais go Meiriceá.
9. D'iarr an múinteoir __________ (sí) an fhuinneog a dhúnadh.
10. 'Tá tinneas cinn __________!' arsa Pól
11. Bhí áthas __________ an bpáiste nuair a bhuaigh sí an duais.
12. 'An raibh __________ bhur n-obair bhaile a dhéanamh arís!?' arsa Mamaí.
13. Bíonn eagla __________ mo mhadra roimh na tinte ealaíne ag Oíche Shamhna.
14. Bhí tart __________ (sinn) tar éis an chluiche ceannais.
15. 'Tá Mamaí ag féachaint __________ (sibh), stopaigí ag troid!' arsa Saoirse.
16. Tá mé ag freastal __________ Scoil Na Sí.


visit twinkl.ie

17. Ghlaoigh sé __________ a Dhaid nuair a bhris an traein síos.

18. Chuir sí fios __________ an otharcharr mar bhris an buachaill a chos.

19. Theip __________ sa scrúdú litrithe mar ní dhearna sé a obair bhaile.

20. Bhí imní __________ mar ní raibh siad in ann an charr a aimsiú.



visit twinkl.ie
Quality Standard Approved

# Réamhfhocail

| Ag |
| --- |
| agam |
| agat |
| aige |
| aici |
| againn |
| agaibh |
| acu |

**Líon na bearnaí thíos, ag baint úsáid as an bhfocal ceart.**

1. Tá súile donna __________ agus tá gruaig fhoinn orm.
2. Tá aithne __________ ar an gcailín sin ó bhí mé an-óg.
3. Tá a fhios __________ (mé) nach mbeidh sí ar scoil amárach toisc go mbeidh sí ag dul go dtí an fiaclóir.
4. Bhí airgead __________ agus chuaigh siad go dtí an siopa chun milseáin a cheannach.
5. Níl aithne __________ (sé) uirthi agus níor labhair sé léi.
6. Tá suim __________(siad) sa stair agus is maith leo a bheith ag léamh faoin nGorta Mór.
7. Tá eolas __________ an bhfear ar aon rud a bhaineann le spás agus an grianchóras.
8. Tá beirt deartháireacha agus deirfiúr amháin __________ (sibh).
9. Tá súile móra gorma __________ an madra sin! Tá sé go hálainn.
10. 'An bhfuil a fhios __________ (sinn) cén t-am a thosaíonn an scannán?' arsa Daire.
11. 'Tá m'obair mhata déanta __________!' arsa Tomás.
12. Tá an leabhar léite __________ agus thaitin sé go mór léi.
13. Tá muinín __________ (sinn) as foireann na hÉireann sa Chorn Domhanda.
14. Bíonn a fhios __________ nuair atá tuirseach ort mar ní bhíonn tú ag iarraidh dul ag snámh.
15. 'An bhfuil aon airgead fágtha __________ (tú)?' arsa Daid.

16. ‘Cé __________ (siad) atá ag pleidhcíocht?’ a scread an múinteoir.

17. ‘A Mhamaí, an bhfuil aon mhilseán __________?’ arsa Treasa.

18. Tá cóta nua __________ Ruairí inniu.

19. Tá an peann luaidhe __________ (sí).

20. Bhí dhá mhadra agus dhá chapall __________ (sinn).



visit twinkl.ie

Quality Standard Approved

# Réamhfhocail

| Le |
|---|
| liom |
| leat |
| leis |
| léi |
| linn |
| libh |
| leo |

1. 'An bhfuil tú ag teacht __________ chuig an siopa?' arsa Mamaí.
2. Ba bhreá __________ (mé) na bróga nua atá ag Gráinne.
3. Ar mhaith __________ (sibh) leabhar nua a fháil ón leabharlann, is féidir __________ (sinn) dul amárach?
4. Is maith __________ (sí) an Ghaeilge ach is fuath __________ Spáinnis.
5. B'fhearr __________ (sé) cispheil a imirt ná peil.
6. Cén sort ceol is maith __________ Hannah?
7. Is maith __________ (siad) a bheith ag siúl __________ an madra.
8. Conas atá ag éirí __________ (tú) __________ an ngiotár nua a fuair tú?
9. An maith __________ (siad) a bheith ag rothaíocht ar scoil?
10. 'Cé __________ an geansaí seo?' arsa an múinteoir.
11. Tá mé ag dul ar mo laethanta saoire __________ mo chlann.
12. An __________ (sibh) an carr gorm atá lasmuigh?
13. 'Tar __________, tá sé in am don leaba.' Arsa Daidí.
14. Is maith __________ (sí) seacláid ach is fearr __________ criospaí.
15. D'éirigh go maith __________ (siad) sa chluiche.
16. Tá arán __________ bácáil agam.
17. Bhuail Yseult __________ (mé) ag geata na scoile.


visit twinkl.ie

18. Labhair na Gardaí __________ (sé) tar éis an timpiste.

19. 'A mhúinteoir, an bhfuil tú in ann cabhrú __________ (mé) leis an gceist seo?' arsa Sara.

20. Bhí mo mham ag caint __________ m'aintín ar an bhfón aréir.

# Réamhfhocail

| Do |
|---|
| dom |
| duit |
| dó |
| di |
| dúinn |
| daoibh |
| dóibh |

1. 'Dia __________ a Harry!' arsa Aisling.
2. Cad is ainm __________ (sé)?
3. Thug Fionnuala bronntanas __________ (sí) ar a lá breithe.
4. Taispeánann sé an grianghraf __________ (sinn) tar éis an cóisir.
5. Thug mé milseáin ______ mo chara ag am lóin.
6. Bhí an múinteoir ag insint scéil __________ (siad) ag deireadh an lae.
7. Tabhair __________ an leabhar seo le do thoil.
8. Thug ár máthair cúig euro __________ nuair a bhíomar ag dul go dtí an t-ionad siopadóireachta.
9. Isabel is ainm __________ (mé).
10. 'Seo __________ (sibh) bhur gcótaí.' Arsa Ciara.

# Réamhfhocail

| ó |
|---|
| uaim |
| uait |
| uaidh |
| uaithi |
| uainn |
| uaibh |
| uatha |

1. Tá ocras an domhain orm! Tá mo dhinnéar __________!
2. Cad atá __________ (sibh) don phicnic amárach?
3. Ceannaíonn sí a cuid torthaí __________ fhear deas sa mhargadh.
4. Ghoid an gadaí €40 ¬__________ sparán an bhean óg.
5. Theastaigh __________ (sí) carr nua a cheannach tar éis an timpiste.
6. Fuair sí slabhra álainn __________ (sé) dá breithlá.
7. Cloiseann na seantuismitheoirí a lán scéalta __________ (siad)
8. D'éalaigh an duine sin __________ phríosún.
9. Bhí deoch uisce __________ (sinn) tar éis an chluiche mhór.
10. An bhfuil tú fuar? An bhfuil do chóta __________?

# Réamhfhocail

| Roimh |
|---|
| romham |
| romhat |
| roimhe |
| roimpi |
| romhainn |
| romhaibh |
| rompu |

1. Bhí eagla ar an gcat __________ (sí) mar bhí madra aici.
2. Dia duit, tá fáilte __________ (tú) chuig ár seomra ranga.
3. Bhí mé ag caint léi __________ an gceolchoirm agus bhí áthas uirthi.
4. Chuir an lucht féachana fáilte __________ (siad) sular thosaigh siad ag caint.
5. Níl cead ag na páistí seacláid a ithe __________ an dinnéar.
6. Tá daoine eile __________ (sinn) sa scuaine.
7. Itheann bhur mamaí a dinnéar __________ (sibh).
8. Chuir an rang fáilte __________ nuair a tháinig mé isteach.
9. Déanann a dheartháir a obair bhaile __________.
10. Bíonn an nuacht ar siúl __________ an X Factor.

# Réamhfhocail

| As |
| --- |
| asam |
| asat |
| as |
| aisti |
| asainn |
| asaibh |
| astu |

1. Nuair a d'éirigh liom sa scrúdú tiomána, bhí mo thuismitheoirí an-bhródúil _________.
2. D'éirigh sí __________ an bpost mar bhí sí tinn.
3. Lig siad béic __________ nuair a chonaic siad an púca.
4. Baineann na páistí úsáid __________ na táibléid sa rang mata.
5. Bhí muinín ag an bhfoireann __________ nuair a bhíomar ag dul chuig an gcomórtas.
6. An mbaintear geit __________ nuair a fheiceann tú damhán alla ollmhór?
7. Tháinig an-chuid smaointe iontacha __________ nuair a bhí sibh ag scríobh na scéalta.
8. Is __________ Dún na nGall mé.
9. Bhíomar bródúil __________ féin nuair a bhuamar an comórtas mar rinneamar an-chuid cleachtadh.
10. D'íoc siad __________ an dinnéar mar a lá breithe a bhí ann agus bhí sí an-bhuíoch díobh.

# Réamhfhocail

| De |
|---|
| díom<br>díot<br>de<br>di<br>dínn<br>díbh<br>díobh |

1. Bainigí bhur gcótaí __________ ,' arsa an múinteoir.
2. D'fhiafraigh sé __________ (mé) faoin gcluiche.
3. Bhain Eoghan a hata __________.
4. Bainimid ár mbuataisí __________ sula dtéimid isteach sa teach.
5. Bain __________ do gheansaí má tá tú ró-the.
6. Léim siad __________ (+ an) trampailín agus ghortaigh siad a gcosa.
7. Bhain siad a spéaclaí gréine __________ mar bhí sé ag éirí dorcha.
8. Thóg mé an t-airgead __________ (sí) do na milseáin.
9. Ghreamaigh sé an póstaer __________ (+ an) doras.
10. Baineann Peadar a lámhainní __________ nuair a bhíonn sé ag obair.

# Réamhfhocail

| Faoi |
| --- |
| fúm<br>fút<br>faoi<br>fúithi<br>fúinn<br>fúibh<br>fúthu |

1. Ní raibh na páistí ag magadh __________ mar bhí sí trína chéile.
2. 'Ná bí ag caint __________ taobh thiar de mo dhroim!' a dúirt Síle.
3. Bhí bhur dtuismitheoirí ag labhairt __________ tar éis an chruinnithe.
4. Bíonn Liam agus Odhrán ag troid __________ na cluichí ar an ríomhaire go minic.
5. Ná bí ag gáire __________ (siad), níl sé go deas.
6. Bhíomar ag caint __________ féin sa scéal a d'insíomar don rang.
7. 'An raibh siad ag caint __________ (tú) ar an raidió aréir?' a d'fhiafraigh Catríona díom.
8. Bhí an nuacht a chuala mé __________ (siad) go hiontach.
9. Bhí an loch agus na báid le feiceáil go soiléir __________ sholas na gealaí agus bhí an radharc go hálainn.
10. An mbíonn tú ag caint __________ na rudaí a rinne tú san Afraic Theas go minic?

# AR - Freagraí

1. Bhí brón **ort** nuair a fuair do mhadra bás agus thosaigh tú ag caoineadh.
2. Bhí fearg **uirthi** nuair a chaill sí a mála.
3. Bhí brón **orm** toisc gur chaill mé mo chuid airgid ar fad!
4. Tá slaghdán ag teacht **orthu** agus tá siad chun fanacht sa bhaile.
5. Bíonn ocras an domhain **ar** na páistí nuair a thagann siad abhaile ón bpeil.
6. 'Féach **ort** tá tú thar barr!' arsa an múinteoir le hAoife.
7. Beireann na gardaí **ar** ghadaithe agus iad ag teacht amach ón siopa.
8. Ní dhéanfaidh mé dearmad **orthu** nuair a théann siad ar ais go Meiriceá.
9. D'iarr an múinteoir **uirthi** (sí) an fhuinneog a dhúnadh.
10. 'Tá tinneas cinn **orm!**' arsa Pól
11. Bhí áthas **ar** an bpáiste nuair a bhuaigh sí an duais.
12. 'An raibh **oraibh** bhur n-obair bhaile a dhéanamh arís!?' arsa Mamaí.
13. Bíonn eagla **ar** mo mhadra roimh na tinte ealaíne ag Oíche Shamhna.
14. Bhí tart **orainn** (sinn) tar éis an chluiche ceannais.
15. 'Tá Mamaí ag féachaint **oraibh** (sibh), stopaigí ag troid!' arsa Saoirse.
16. Tá mé ag freastal **ar** Scoil Na Sí.
17. Ghlaoigh sé **ar** a Dhaid nuair a bhris an traein síos.
18. Chuir sí fios **ar** an otharcharr mar bhris an buachaill a chos.
19. Theip **air** sa scrúdú litrithe mar ní dhearna sé a obair bhaile.
20. Bhí imní **orthu** mar ní raibh siad in ann an charr a aimsiú.

# AG - Freagraí

1. Tá súile donna **agam** agus tá gruaig fhoinn orm.
2. Tá aithne **agam** ar an gcailín sin ó bhí mé an-óg.
3. Tá a fhios **agam** nach mbeidh sí ar scoil amárach toisc go mbeidh sí ag dul go dtí an fiaclóir.
4. Bhí airgead **acu** agus chuaigh siad go dtí an siopa chun milseáin a cheannach.
5. Níl aithne **aige** uirthi agus níor labhair sé léi.
6. Tá suim **acu** sa stair agus is maith leo a bheith ag léamh faoin nGorta Mór.
7. Tá eolas **ag** an bhfear ar aon rud a bhaineann le spás agus an grianchóras.
8. Tá beirt deartháireacha agus deirfiúr amháin **agaibh.**
9. Tá súile móra gorma **ag** an madra sin! Tá sé go hálainn.
10. 'An bhfuil a fhios **againn** cén t-am a thosaíonn an scannán?' arsa Daire.
11. 'Tá m'obair mhata déanta **agam!**' arsa Tomás.
12. Tá an leabhar léite **aici** agus thaitin sé go mór léi.
13. Tá muinín **againn** as foireann na hÉireann sa Chorn Domhanda.
14. Bíonn a fhios **agat** nuair atá tuirseach ort mar ní bhíonn tú ag iarradh dul ag snámh.
15. 'An bhfuil aon airgead fágtha **agat?**' arsa Daid.
16. 'Cé **acu** atá ag pleidhcíocht?' a scread an múinteoir.
17. 'A Mhamaí, an bhfuil aon mhilseán **agat?**' arsa Treasa.
18. Tá cóta nua **ag** Ruairí inniu.
19. Tá an peann luaidhe **aici.**
20. Bhí dhá mhadra agus dhá chapall **againn.**

# LE - Freagraí

1. 'An bhfuil tú ag teacht **liom** chuig an siopa?' arsa Mamaí.
2. Ba bhreá **liom** na bróga nua atá ag Gráinne.
3. Ar mhaith **libh** leabhar nua a fháil ón leabharlann, is féidir linn dul amárach?
4. Is maith **léi** an Ghaeilge ach is fuath léi Spáinnis.
5. B'fhearr **leis** cispheil a imirt ná peil.
6. Cén sort ceol is maith **le** Hannah?
7. Is maith **leo** a bheith ag siúl leis an madra.
8. Conas atá ag éirí **leat leis** an ngiotár nua a fuair tú?
9. An maith **leo** a bheith ag rothaíocht ar scoil?
10. 'Cé **leis** an geansaí seo?' arsa an múinteoir.
11. Tá mé ag dul ar mo laethanta saoire **le** mo chlann.
12. An **libh** an carr gorm atá lasmuigh?
13. 'Tar **liom,** tá sé in am don leaba.' Arsa Daidí.
14. Is maith **léi** seacláid ach is fearr léi criospaí.
15. D'éirigh go maith **leo** sa chluiche.
16. Tá arán **le** bácáil agam.
17. Bhuail Yseult **liom** ag geata na scoile.
18. Labhair na nGardaí **leis** tar éis an timpiste.
19. 'A mhúinteoir, an bhfuil tú in ann cabhrú **liom** leis an gceist seo?' arsa Sara.
20. Bhí mo mham ag caint **le** m'aintín ar an bhfón aréir.

# DO - Freagraí

1. ‘Dia **duit** a Harry!’ arsa Aisling.
2. Cad is ainm **dó**?
3. Thug Fionnuala bronntanas **di** ar a lá breithe.
4. Taispeánann sé an grianghraf **dúinn** tar éis an cóisir.
5. Thug mé milseáin **do** mo chara ag am loin.
6. Bhí an múinteoir ag insint scéil **dóibh** ag deireadh an lae.
7. Tabhair **dom** an leabhar seo le do thoil.
8. Thug ár máthair cúig euro **dúinn** nuair a bhíomar ag dul go dtí an t-ionad siopadóireachta.
9. Isabel is ainm **dom.**
10. ‘Seo **daoibh** bhur gcótaí.’ Arsa Ciara.

# Ó - Freagraí

1. Tá ocras an domhain orm! Tá mo dhinnéar **uaim!**
2. Cad atá **uaibh** don phicnic amárach?
3. Ceannaíonn sí a cuid torthaí **ó** fhear deas sa mhargadh.
4. Ghoid an gadaí €40 **ó** sparán an bhean óg.
5. Theastaigh **uaithi** carr nua a cheannach tar éis an timpiste.
6. Fuair sí slabhra álainn **uaidh** dá breithlá.
7. Cloiseann na seantuismitheoirí a lán scéalta **uathu.**
8. D'éalaigh an duine sin **ó** phríosún.
9. Bhí deoch uisce **uainn** tar éis an chluiche mhór.
10. An bhfuil tú fuar? An bhfuil do chóta **uait?**

# ROIMH - Freagraí

1. Bhí eagla ar an gcat **roimpi** mar bhí madra aici.
2. Dia duit, tá fáilte **romhat** chuig ár seomra ranga.
3. Bhí mé ag caint léi **roimh** an gceolchoirm agus bhí áthas uirthi.
4. Chuir an lucht féachana fáilte **rompu** sular thosaigh siad ag caint.
5. Níl cead ag na páistí seacláid a ithe **roimh** an dinnéar.
6. Tá daoine eile **romhainn** sa scuaine.
7. Itheann bhur mamaí a dinnéar **romhaibh.**
8. Chuir an rang fáilte **romham** nuair a tháinig mé isteach.
9. Déanann a dheartháir a obair bhaile **roimhe.**
10. Bíonn an nuacht ar siúl **roimh** an X Factor.

# AS - Freagraí

1. Nuair a d'éirigh liom sa scrúdú tiomána, bhí mo thuismitheoirí an-bhródúil **asam.**
2. D'éirigh sí **as** an bpost mar bhí sí tinn.
3. Lig siad béic **astu** nuair a chonaic siad an púca.
4. Baineann na páistí úsáid **as** na táibléid sa rang mata.
5. Bhí muinín ag an bhfoireann **asainn** nuair a bhíomar ag dul chuig an gcomórtas.
6. An mbaintear geit **asat** nuair a fheiceann tú damhán alla ollmhór?
7. Tháinig an-chuid smaointe iontacha **asaibh** nuair a bhí sibh ag scríobh na scéalta.
8. Is **as** Dún na nGall mé.
9. Bhíomar bródúil **asainn** féin nuair a bhuamar an comórtas mar rinneamar an-chuid cleachtadh.
10. D'íoc siad **as** an dinnéar mar a lá breithe a bhí ann agus bhí sí an-bhuíoch díobh.

# DE - Freagraí

1. Bainigí bhur gcóta **díbh**,' arsa an múinteoir.
2. D'fhiafraigh sé **díom** faoin gcluiche.
3. Bhain Eoghan a hata **de.**
4. Bainimid ár mbuataisí **dínn** sula dtéimid isteach sa teach.
5. Bain **díot** do gheansaí má tá tú ró-the.
6. Léim siad **den** trampailín agus ghortaigh siad a gcosa.
7. Bhain siad a spéaclaí gréine **díobh** mar bhí sé ag éirí dorcha.
8. Thóg mé an t-airgead **di** do na milseáin.
9. Ghreamaigh sé an póstaer **den** doras.
10. Baineann Peadar a lámhainní **de** nuair a bhíonn sé ag obair.

# FAOI - Freagraí

1. Ní raibh na páistí ag magadh **fúithi** mar bhí sí trína chéile.
2. 'Ná bí ag caint **fúm** taobh thiar de mo dhroim!' a dúirt Síle.
3. Bhí bhur dtuismitheoirí ag labhairt **fúibh** tar éis an chruinnithe.
4. Bíonn Liam agus Odhrán ag troid **faoi** na cluichí ar an ríomhaire go minic.
5. Ná bí ag gáire **fúthu**, níl sé go deas.
6. Bhíomar ag caint **fúinn** féin sa scéal a d'insíomar don rang.
7. 'An raibh siad ag caint **fút** ar an raidió aréir?' a d'fhiafraigh Catríona díom.
8. Bhí an nuacht a chuala mé **fúthu** go hiontach.
9. Bhí an loch agus na báid le feiceáil go soiléir **faoi** sholas na gealaí agus bhí an radharc go hálainn.
10. An mbíonn tú ag caint **faoi** na rudaí a rinne tú san Afraic Theas go minic?